POLAITÍOCHT

Rún Aṫḃliana do MacFeorais

Tá sé pas beag déanach sa ḃliain nua, ach níl sé ró ḋéanach le rún aṫḃliana a ḋéanaṁ do Ḃreandán Mac Feorais, T.D., Ceannaire an Ṗáirtí Oibreachais. Agus cad é an rún a ḃéas againn ró-san tar éis na rún a ṫugamar don Uasal Ó Dioluín, agus don Uasal Lemass.

An tús ní miste a rá nach ḃfuil an tUasal Mac Feorais ag déanaṁ ró olc ar chor ar biṫ. Ċuile aṫrú atá déanta aige ar chúrsaí agus ar íomaiġ, an Ṗáirtí Oibreachais, is aṫrú chun feaḃais é. Do ṫreoraiġ sé an Ṗáirtí go maiṫ. Rinne sé na mion-rudaí go maiṫ, agus is ceart agus is cóir é sin a rá.

Ach goidé fá na mór rudaí? Agus caiṫfiḋ sé a ḃeiṫ ag smaoineaṁ ar rudaí móra, mar an ḟírinne is mó a ba chóir dó a choinneáil ós comair a ṡúl agus ós a cionn a ċrinlín, nó go ḃfuil an Ṗáirtí Oibreachais ann san Dáil, ó bunaíoḋ an Dáil, agus gur beag an taṫrú a ṫáinig orṫa de ṫaoḃ uiṁir a gcuid suíochán ar feaḋ an dachad blian sin.

Mar sin de, muna mbíonn ann ach aṫraiṫe beaga, cé'n uair a ḃéas an Ṗáirtí Oibreachais ag súil le cuṁacht Rialtais a ḟáil. Ní ḃeaḋ de réir cosúlacht an ama a ċuaiġ ṫart, go dtí lá Ṗilib an Ċleite.

Tá neart daoine amsointeacha ann, adeir gur maiṫ an rud dá mbeaḋ rialtas de ṗáirtí oibreachais againn. Mar sin de, cad a ba chóir do Ḃreandán Mac Feorais a ḋéanaṁ más mian leis dul ar aġaiḋ ó mion-Ṗáirtí go dtí príoṁ-Ṗáirtí an Ḟreasúra, agus na ḋiaiḋ sin, ó Ḟreasúra go Rialtas?

Sa chéad chás, caiṫfiḋ sé éirí as nós an ṁion-ṗolitíceora, a ḃeiṫ ag iarraiḋ ḋá ṫaoḃ an ḃealaí a ṫaḃairt leis; agus sin rud a ḃí ḋá ḋéanaṁ ag an Ṗáirtí Oibreachais le fada fada an lá.

Ní aon scéal rúin é, ná go raiḃ uair, agus go raiḃ daoine insan Ṗáirtí Oibreachais a ḃí go nimhneach géar i gcoinniḃ na Gaeilge, agus san am céanna, ḃí duine acu—an tUasal Ó Deasmuman, a ḃí ar ḋuine de na daoine ba ḋílse don Ġaeilge. Ṫiocfaḋ le sin ḃótaí a ġnóṫú do Ṫeachtaí ar leiṫ, nuair a ḃí an Ṗáirtí Oibreachais an scaoilte. Ní h-aon ṁaiṫeas dóiḃ é má tá siad le dlúṫú le chéile i bpáirtí mór amháin. Caiṫfiḋ "Líne an Ṗáirtí" a ḃeiṫ ann. Agus ní miste do Mac Feorais rud éigin cinnte do leagann síos fán Ġaeilge.

Tá ḟios againn go ḃfuil a lán taiġde á ḋéanaṁ faoi an Ġaeilge, agus faoi an Ġaeltacht insan Ṗáirtí Oibreachais. Tá a lán ceitseanna á chur sa Dáil faoi. Ach, go dtí seo, níl leide dá lagad againn ar cad é polasaí bunúsach an Ṗáirtí Oibreachais féin de aṫoḃ na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Agus ní h-aon ṁaiṫeas cúpla focal ginearálta. Ba maiṫ linn polasaí cruinn beacht a ḟeiceáil ag an Ṗáirtí Oibreachais de ṫaoḃ aṫḃeochaint na Gaeilge 7 sábáil na Gaeltachta.

Níl aon ġar dóiḃ aġaiḋ a ṫaḃairt ar príoṁ-ionad Freasúra, chan amháin rialtas a ḃaint amach, go dtí go mbeiḋ polasaí cinnte acu ina ṫaoḃ seo. Is moide atá sé seó ag teastáil uaṫa, ós rud é go raiḃ ar feaḋ tréiṁse, nílim a rá go ḃfuil sé ann anois, ach go raiḃ ar feaḋ tréiṁse, cineál de smaoineaṁ ann, nach raiḃ mórán náisiúntachta ag baint leis an Ṗáirtí Oibreachais. Ní féidir sin a rá na dtaoḃ anois. Ach, fad agus atá Fianna Fáil, agus clóca na Poblachta anuas orṫa, más maiṫ leis an Ṗáirtí Oibreachais cliú náisiúnta d'ḟáil dóiḃ féin, níl ach slí amháin dóiḃ lena ḟáil, agus sin tré polasaí dearfach i leiṫ na Gaeilge.

An ḃliain seo chugainn, beiḋ ceiliúbra mór 1916 ann. Is cinnte go mbeiḋ Fianna Fáil 7 Fine Gael ag iarraiḋ áit sa ġréin a ḃaint amach dóiḃ féin tré ḋearcaḋ siar leiṫ-chéad bliain. Cé go raiḃ baint an ṁór ag oibríṫe eagraiṫe leis an gníoṁ a ḃéas á cheiliúraḋ, mar sin féin, ní ḃainfiḋ siad amach ariaṁ do Ḟine Gael nó do Ḟianna Fáil príoṁ glóire na ré sin, agus ní ḃfaiġiḋ siad a choṫrom de ċliú poiliticiúil, ach tré ḋearcaḋ ar aġaiḋ leaṫchéad bliain. Agus a ṫaispeáint gurb é an Ṗáirtí Oibreachais an páirtí a ḃfuil polasaí acu don leaṫ-chéad bliain atá rómainn.

An dara rud a ṁolfainn don Uasal Mac Feorais san am atá le teacht, nó suí síos lena chuid comhairleoirí intinne, agus polasaí dearfach a cheapaḋ faoi an Taoḃ Ṫiar den tír, agus faoi na feilmeacha beaga. Tá de ċliú, nó de ṁí-ċliú ar an Ṗáirtí Oibreachais go ndeirtear i gcónaí gur páirtí caṫrach, páirtí bailte mór atá ionnta, agus go ḃfuil amhras mór ar ṗobal na tuaiṫe fúṫa. San am i láṫair. Leis an bánú mór atá á ḋéanaṁ ar Iarṫar na tíre, ḃeaḋ slí acu elis an droch ċliú sin a chaiṫeaṁ díoḃa, agus dul céim níos fuide ar aġaiḋ, nó céim ar ṫaoḃ na láiṁe clé de Ḟianna Fáil, de ṫairḃe polasaí tuaiṫe. An polasaí laisse faire Stát-seirḃíseach atá á leanúint ins na feilmeacha somplacha, ní leor é do réiteach ar biṫ don ṫaoḃ ṫiar den tír. Má ṫig leis an Ṗáirtí Oibreachais polasaí níos dearḃaí agus níos cinnte a chumaḋ agus a chur ós comair an ṗobail go bríoṁar fuinniúil, ḃainfeaḋ siad tairḃe politiciúil as.

Agus ḃeir sin go dtí an triú rud a ṁolfainn don Uasal Mac Feorais. Agus sé an rud é nó truslóg tapaí a ḃaint as Fine Gael, agus dul chuig Ó Fionúcáin, agus Ó Blaḃaic, agus iarsmaí na Clanna na Talún, agus iad a ṡuiġ isteach insan Ṗáirtí. Sin an rud a ḃéarfaḋ bunús tuaiṫe don Ṗáirtí Oibreachais atá ag teastáil uaṫa le fada.

Ní h-aon doichín le sin a ḋéanaṁ. Is beag a ḃeaḋ le gnóṫú ag Clann na Talún, nó iarsmaí Ċlann na Talún, as ceangal leis an Ṗáirtí Oibreachais. Ach is fiú do Mac eForais é a ḋéanaṁ más maiṫ leis Páirtí Náisiúnta a ḋéanaṁ dá Ṗáirtí, agus más maiṫ leis súil a ṫaḃairt ar príoṁ ionad Freasúra agus cuiṁ-acht Rialtais ar ball.

FEARFEASA.

Litir Ṡasana

DÓNAL MAC AṀLAIḂ

De réir ċuile ṫuairisce radio a cluineann muid anseo is measa go mór an aimsir in Éirinn faoi láṫair na huaire ná í sin tá againne anseo sa mḂreatain. Mar sin féin tá an sioc go fairsing ann agus é ciont(sioc)ar ins na céadta a chur as obair arae an uair go mbíonn an oiread seo céim seaca ann ní féidir aon stroiġin a ṁeascaḋ. Gné é seo de ṡaol an sclábaí nó an céirdí bildeála nach mó ná go dtaiṫníonn leis, mar cé gur fíor a rá go saoṫraíonn sé airgead mór i míanna geal an tsaṁraiḋ, ar chuma eicint is anaṁ a ḃíonn oiread curṫa i dtaisce agus a ṡeolas slán tríd an chuid is measa den ġeiṁreaḋ é. Ní ḃíonn bliain ar biṫ ann nach mbíonn cuid dena feara seo ag geallúint dóiḃ féin nach mbéarfaiḋ aon ġeiṁreaḋ eile amuiġ orra—go ḃfaiġfiḋ siad post i monarchain eicint—ach ansin le teacht na h-uaire breá, nuair a tláṫaíonn an lá agus nuair a ṫagann fás agus bláṫ faoi 'ċuile sórt déanann sé dearmad glan de anṡó agus anró an ġeiṁriḋ go ceann naoi mí eile nó mar sin. Agus ceart go leor is dóiġ nach cúiteaṁ ar biṫ ar follaine an aeir glan mí nó ḋó de ṡaoṫrú rialta i ndúlúchair na bliana.

POSTÚCHÁN IASACHTA

Tar éis an méid adúras féin faoi ḟostuiṫeoirí gallda an tseachtain seo caite ar AMÁRACH, ḃí spéis mór agam ins an dtuairisc a léiġ mé ar chéad uiṁir na bliana seo 1965 i dtaoḃ an sagas páí a íoctar i monarchain próiséisiṫe na Gaillime — meán ṫuarastal de £6 sa tseachtain nó lena rá ar ḃealach níba ċruinne—sé ṗunt de meán ṫuarasdal.

Níl baol ar biṫ ná go ḃfuil muid ró-reiḋ uiliġ ag na diaḃail.

GAELTACHT NA MÍḊE

Níl an cóip de Scéala Éireann ar a léiġ mé an litir faoi láiṁ anois agam, fairíor, ach ba litir í ar chuir mé an-ṡuim go deo ann agus ḃ'ḟactas dom an-chuid céille ar fad a ḃí inti. Mac-léinn de chuid Ollscoil Ḃaile Áṫa Cliaṫ a scríoḃ é ag ḋéanaṁ tagairt do ḃréacht a ḃí ar an bpáipéar céanna seachtain roiṁe sin faoi Ġaeltacht Raṫ Ċairn. Ba é mol scríḃneoir na litreach seo ná go mbunófaí cuid dena monarcana nua seo tá ḋá gcur suas i mḂaile Áṫa Cliaṫ, go mbunófaí tíos i nGaeltacht na Míḋe iad sa gcaoi agus nach mbeaḋ aon chall do Ġaeilgeoirí an ċeanntair imeacht ó ḃaile ar ṫóir oibre. Ċuaiġ sé níba ḟaide ná sin fiú, agus ṁaoiġ sé go mba ċeart baile nua as éadan a ṫóigeáil síos ansin agus ṫaiṫain sé ar Ġaeilgeoirí na caṫrach (50,000 aca ar fad tá ann dar leis) a ḋul síos ann ag cur fúṫa, agus más gá é, a ḋul isteach go Ḃaile Áṫa Cliaṫ gach lá chun a gcuid oibre. Sa lá tá inniu ann agus cárr ag mórán 'ċuile ḋuine níor stró ṫar ḟulaingt an t-aistear sin a ḋéanaṁ. Faoi mar tá, tá cuid de ṁuintir Raṫ Cairn ag dul isteach go Ḃaile Áṫa Cliaṫ ag obair ar an mbildeáil gach lá. Anois dar liom féin go ḃ'í seo is an scéim is ionṁolta dár airíos ó éinne fós. Ḃeaḋ de ṫoraḋ air (dá mba ann agus go mbeaḋ Gaeilgeoir na Caṫrach sásta an íobairt a ḋéanaṁ agus aistriú síos don Ṁíḋe) ná go ḃfeicí do aos óg na Gaeltachta ansin earra faiseanta a ḃeiṫ sa nGaeilge agus go gclaoiḋfidís níos fearr léi. Ní h-é go deiṁin, nach ḃfuil siad sách dílis faoi mar tá an scéal—is ioma duine nár ṡíl go maírfeaḋ an teanga an fad seo chor ar biṫ in ḋiaiḋ dí a ḃeiṫ aṫ-churṫa, mar déarfá, in iṫir saiḃḃear Ċúige Laiġin.

SOSAḊ

'Sosaḋ' — sin focal. Cuirfiḋ mé geall nach ḃfuil ag mórán chainteoirí Gaeilge ná ní raiḃ sé agam féin nó gur léiġ mé i leaḃar de chuid an tAṫ. Peadar Ó Laoire é an oíche ċeana. Ċuala mé 'sos' go minic, ár ndó—sos oibre nó sos chogaiḋ ach ní raḃ 'sosaḋ' agam ná níor chuiṁnios riaṁ air. A ḃeiṫ ar ṡosaḋ—mar a chéile sin agus a ḃeiṫ ar stáisiún (i gcás saiġdiúra nó póilín nó a leiṫéid) ach nach deise go mór an chéad leagan? Sa ḃfotnóta a ḃí ag bun an leaṫanaiġ ar an tAṫ. Peadar ṁol sé go mbainfí úsáid as an ḃfocal ársa sin feasta. Nach ait nár bainead?

CÚRSAÍ FAISÍN

Ḃí aiṫne agam ar ḟear a deireaḋ i gcónaí go mbeaḋ sé com maiṫ do ḋuine a ḃeiṫ marḃ le gan a ḃeiṫ sa ḃfaisean. Ní baileach gur ṫáinig mé leis ina ṫuairim an t-am úd, ná ní ṫagaim anois; is beag é mo ṡuim sa scéal ar aon nós agus níor ṁiste liom dá dtosóḋ na daoine ag caiṫeaṁ sean-málaí guano nó níḋ ar biṫ eile dá aistí. Ach lagad é m'eolas ar na cúrsaí seo feictear dom nár ṫáinig aon ḟaisean ar an saol go nuige seo is gránnḋa ná an faisean a cleachtaíonn fir óga na linne seo — casóga giortacha, brístí caola cúnga mar a d'feicfeá ar ḟear na gcrúḃ i bpaca chártaí, agus bróga leipreachán go mbíonn troiġ de ḃárr asta. Is cosúil nach nós leo na bróga a ġlanaḋ in aon uair, ná fiṫín a chur sa mbríste; i ḃfocal amháin ba ḋóiliġ iad a ṡárú ar mí-ṡlacht agus ar ġáifeacht. Ach dá ḋonacht sa diaḃal é sin—mar ṫuigfeá don óige—ár ndó — isé an rud is measa uiliġ faoi ná go ḃfuil claonaḋ faoi go leor den ḋream nach ḃfuil com h-óg sin chor ar biṫ ḃeiṫ ag déanaṁ aiṫrise ar na déagóirí.

"Feisteas a' Ḃligeáird—bain díot anuas é!" Ba ṡin adúirt fear ṫiar i gConamara le mac leis a ṫáinig aḃaile as Sasana agus éadach an 'Teidí' air nuair a ḃí sin sa ḃfaisean. D'ḟéadfaí é rá com maiṫ céanna sa lá tá inniu ann faoi feisteas na 'Mods.'

Níl mórán feisteas ar biṫ is fear a ṫagann do ḟear, dar liom féin, ná culaiṫ gorm nó donn (buí adeirtear i gConamara) a mbeiḋ gearraḋ deas air — guailne nach mbeiḋ ró padáilte. Faid ċeart a ḃeiṫ sa gcasóig 7 leiṫéad ceart i gcosa an ḃríste. Caiṫ léine bán leis sin, craḃat dearg, agus peire bróga donn-ḃuí agus sin agat fear tá réitiṫe amach i' gceart — dár liomsa.

Ach d'ḟéadfaḋ sé gur duine dena "cearnógaí" mise-

DÓNALL MAC AṀLAIḂ.

Ardú Deontaisí Forlíonta

Sompla maiṫ ó Ċomhairle Condae na Gaillime

Tá Comhairle Condae na Gaillime ag taḃairt cinn-líne do na Comhairlí Condae Gaeltachta eile ar fud na tíre.

Fé mar a tuairiscíoḋ in AMÁRACH tá árdú ins na deontaisí tógála faoi an Acht nua tógála tiṫe Gaeltachta. Ach, nuair a ḃí sé sin ag dul na Ḃille fríd an Dáil, dúirt Aire na Gaeltachta go raiḃ sé ag braṫ ar na Comhairlí Condae cé acu a d'árdófaí na deontaisí forlíonta ón Comhairlí Condae.

Tá Gaillimh ar tús insan obair seo anois, agus tá siad sásta na deontaisí méadaiṫe a ṫaḃairt.

Ag an ċruinniú Dé Saṫairn seo caite, ṁol Seán Mac Eochagáin, T.D., go ndéanfaḋ an Comhairle aṫḃreiṫniú ar scéim na ndeontaisí forlíonta tiṫíochta 7 go n-árdófaí na deontaisí forlíonta Gaeltachta, mar a rinneaḋ leis na deontaisí forlíonta Rialtas Áitiúil.

Ċaḃraiġ Fiontán Ó Cuagáin, T.D., leis, agus ġlac an Comhairle Condae leis d'aon ġuṫ.

Is maiṫ an scéal é seo, mar anois beiḋ na deontaisí forlíonta árdaiṫe i gcoiṁréir leis an árdú a rinneaḋ ar na bun deontaisí Stáit fé Acht na dTiṫe Gaeltachta.

Níor ṁiste do Ċomhairle Condae Ḋún na nGall, agus Comhairle Ċondae Ċiarraí agus Muiġeo, an rud céanna a ḋéanaṁ go tapaí le spreagaḋ a ṫaḃairt do ṫógáil tiṫe ins na nGaeltachtaí féin.

TÍR NA NÓG

Coláiste Cróna

Ára Mór, Tirconaill

CÚRSA IÚL AGUS LÚNASA, 1965.

Clár le fáil 1-1-1965.

Áiteacha in áiriṫe ó'n 1-1-1965.

Gach eolas ó'n Rúnaí,

Coláiste Cróna, Ára Mór;

nó

AMÁRACH, Ceanannus Mór.